# Acmhainní a roghnú –ceisteanna ar fiú cuimhneamh orthu

Tá acmhainní fairsinge ar fáil chun tacú le teagasc agus foghlaim in OSPS. Is féidir gur cabhair é tarraingt ar acmhainní éagsúla chun freastal ar riachtanais réimse éagsúil scoláirí. Mar sin féin, bíonn sé tábhachtach machnamh stuama a dhéanamh ar na hacmhainní a roghnaíonn tú le húsáid. Tacóidh na ceisteanna seo a leanas leat agus tú ag déanamh roghanna do do scoil agus do do suíomh ranga féin.

- Cén toradh/torthaí foghlama a gcabhróidh an acmhainn seo lena mbaint amach? An bhfuil an acmhainn seo ábhartha don churaclam agus do mo phlean oibre?
- An bhfuil sé ábhartha maidir le saol mo chuid scoláirí agus a gcuid riachtanas? Cá bhfios dom? (Féach Guth an Scoláire agus OSPS)
- An mbeidh an acmhainn tarraingteach do mo chuid scoláirí? An mbeidh sí insroichte acu – smaoinigh ar theanga, leagan amach, éagsúlacht na meán. An féidir liom an acmhainn a úsáid nó a chur in oiriúint chun cur ar chumas scoláirí a bhfuil RSO acu tabhairt faoin bhfoghlaim in éineacht lena gcomhscoláirí?
- An gcuireann an acmhainn foghlaim ghníomhach agus foghlaim ó thaithí chun cinn? An spreagfaidh sí smaointeoireacht chriticiúil, ceistiú, plé agus machnamh criticiúil?
- An bhfuil sí oiriúnach d'aois agus do chéim? Cuimhnigh go mbíonn an scoláire ag gearán go minic go mbíonn ábhair OSPS páistiúil nó díspeagúil.
- An gcuimsíonn sí éagsúlacht d'fhoirmeacha teaghlaigh, cúlraí, cultúir agus creidimh? An léirítear meas san acmhainn ar an réimse cúlraí agus taithí i do rang agus sa phobal níos leithne? An spreagann sí an scoláire chun machnamh a dhéanamh ar pheirspictíochtaí agus ar léargais dhifriúla?
- An dtreisíonn nó an gceistíonn sí claontachtaí agus steiréitíopaí maidir le hinscne, aicme shóisialta agus cumas/míchumas?
- An léiríonn sí ar bhealach fónta saol daoine de gach inscne agus féiniúlacht ghnéis? Nó an bhfuil scoláirí LADTQ+ dofheicthe inti nó an gcaitear leo mar 'dhaoine eile'?
- Cé a mhaoinigh an acmhainn seo? Mar shampla, an bhfuil sí maoinithe ag tionscal na ndeochanna? Tá comhairle tugtha ag an Roinn Sláinte do scoileanna gan úsáid a bhaint as aon acmhainní a d'fhorbair eagraíochtaí atá maoinithe ag tionscal na ndeochanna (ar nós Drinkaware).
- Ar chruthaigh foinse iontaofa an acmhainn agus an gcuimsíonn sí ábhar agus modheolaíochtaí atá bunaithe ar fhianaise? Má tá amhras ort, seiceáil amach é i gcónaí.
- An bhfuil an acmhainn ag iarraidh cruinneshamhail, córas creidimh nó sraith luachanna ar leith a chur chun cinn?
- An meascann sí ról sainiúil an OSPS agus an reiligiúin laistigh den churaclam?
- An bhfuil an acmhainn ag teacht le beartas OCG do scoile? Agus athbhreithniú á dhéanamh agat ar do bheartas OCG, bíonn sé úsáideach acmhainní ar leith a úsáideann do scoil a chur san áireamh toisc gur eolas úsáideach é seo do gach múinteoir OSPS agus go háirithe dóibh siúd atá ag teacht nua don ábhar.

**Agus ar ndóigh, ná déan dearmad a sheiceáil an bhfuil an acmhainn in úsáid cheana féin ag múinteoir eile le do chuid scoláirí agus bí cinnte go ndéanann tú measúnú ar aon acmhainní a úsáideann tú - leis an scoláire agus le múinteoirí eile araon.**